



Líon an Dúlra

Eagrán 17 Fómhar 2016

San Eagrán seo...

Leathanach an Eagarthóra

Muisiriún Mór Millteach

Puimpcíní

An Danóib

An Cruidín

Beathra Mara

Paul Kay, Grianghrafadóir Fiadhúlra

Conas Cartún a Tharraingt

An Saol Mórthimpeall Orainn

Gníomhaíocht – Puimpcín Páipéir

Dathaigh Leat

Bí ag Foghlaim


Leathanach Spraoi

Cuardach Focal

Dialann Dúlra

Scéin is Scanradh Oíche Shamhna!

Foclóirín



Muisiriún Mór Millteach!

Aithníonn gach duine an muisiriún cnaipe¹ a bhíonn le fáil sna siopaí, ach cad is muisiriún ann? Is é atá ann, an toradh a fhásann ar fhungais áirithe. Scaoileann fungais spóir² amach chun atáirgeadh³ a dhéanamh, faoi mar a dhéanann plandaí le síolta.

Is iomaí cineál muisiriún atá le fáil timpeall an domhain. Bíonn cruthanna éagsula orthu agus bíonn cuid acu mór agus cuid acu beag.

An muisiriún is mó a chonaic mé féin in Inis Arcáin riamh ná beacán léana⁴ a bhí chomh mór le mo lámh agus í oscailte amach. Ach, más dóigh leat go raibh sé sin mór, chonaic mo dheartháir Robbie muisiriún ar an oileán le déanaí a bhí i bhfad Éireann níos mó ná sin. Muisiriún ar a dtugtar eite an tseabhaic⁵ a bhí ann. Ghlac sé grianghraf de agus leag sé bonn euro ina lár chun go bhfeicfeadh daoine cé chomh mór is a bhí an muisiriún féin i gcomparáid leis an mbonn.

Fásann eite an tseabhaic i gcoillearnacha⁶, go háirithe ar sheanchrainn atá ag lobhadh⁷. Is féidir é a ithe, ach cuimhnigh nár cheart muisiriún fiáin⁸ ar bith a ithe riamh mura mbíonn tú iomlán cinnte cén cineál muisiriún atá ann. Tá muisiriúin áirithe nimhiúil⁹, go deimhin, tá cuid acu chomh nimhiúil sin go maróidís thú dá n-íosfaí iad.



A Léitheoir dhil,
Fáilte chuig Eagrán an Fhómhair de *Líon an Dúlra*. Mar is gnách tá sé lán le fíricí spéisiúla spraiúla faoin dúlra anseo in Éirinn agus thar lear, agus tá neart cluichí agus gníomhaíochtaí ann freisin. Tá súil againn go mbainfidh tú sult as!

Susan

R-phost:

editor@naturesweb.ie

Láithreán Gréasáin:

www.naturesweb.ie

Eagarthóir:

Susan Murphy Wickens

Leagan Amach agus Dearadh:

Susan Murphy Wickens

Grianghraif agus Fáisc-ealaín: Cóipcheart © 2015 Stáisiún Mara Inis Arcáin agus a chuid ceadúnóirí. Gach ceart ar cosaint.

Comhfhreagraí Eachtrach:

Michael Ludwig

Leagan Gaeilge:

© Foras na Gaeilge 2016

© Stáisiún Mara Inis Arcáin 2015

Na Comhábhair:

- 700 g d'fheoil colmóra¹, an craiceann agus na cnámha bainte di, agus í mionghearrtha²
- 2 spúnóg bhoird de pheirsil úr³ agus í mionghearrtha
- ½ de sillí dearg, na síolta bainte as agus é mionghearrtha
- Píosa 2 cm de shinséar úr agus é grátáilte⁴
- 1 ionga gairleoige agus é brúite
- 1 ubh agus í buailte
- 2 spúnóg bhoird de mhaonáis
- 1 spúnóg bhoird d'anlann éisc
- Forchraiceann agus sú 1 líoma
- 40 g de ghrabhroga d'arán stálaithe⁵ nó de ghrabhroga pancó⁶

An Salsa Trátaí – Comhábhair Bhreise:

- 4-6 thráta agus iad díslithe⁷
- 1 oinniún dearg, é scafa⁸ agus díslithe
- 1-2 ionga gairleoige, iad scafa agus mionghearrtha
- 1 spúnóg bhoird de bhasal⁹ nó de lus an choiré¹⁰ agus é mionghearrtha
- Sú ½ líoma¹¹
- 1 spúnóg bhoird d'ola ológ
- Salann agus piobar dubh

An Guacamole Gambach¹²

- 2 abhacad aibi¹³, iad scafa agus mionghearrtha
- Sú ½ líoma
- 2 scailliún agus iad mionslisnithe

BURGAIR ÉISC

le Salsa Trátaí agus Guacamole Gambach

An Modh:

An tiasc a chócaráil:

- Cuir an pheirsil¹⁴, an sillí, an sinséar¹⁵, an ghairleog, an ubh bhuailte, an mhaonáis, an t-anlann éisc¹⁶, an forchraiceann¹⁷, an sú líoma agus na grabhroga aráin¹⁸ i mbabhla mór.
- Cuir an t-iasc féin isteach ansin agus measc na comhábhair ar fad le chéile.
- As an meascán sin déan 6 bhurgar 8 cm ar leithead agus cuir ar phláta iad.
- Clúdaigh iad le scannán cumhdaithe¹⁹ agus cuir isteach sa chuisneoir iad ar feadh uair an chloig. Coinneoidh na burgair a gcruth²⁰ níos fearr má dhéanann tú é sin.
- Téigh an ola i bhfriochtán mór. Cuir na burgair isteach ann agus déan iad a chócaráil ar theas measartha²¹ ar feadh 4 nóiméad ar an dá thaobh nó go n-éiríonn siad briosc agus go dtagann dath órga²² orthu.



An Salsa a dhéanamh:

Measc na comhábhair go léir le chéile. Cuir salann agus piobar dubh orthu mar bhlastanas²³. Cuir an salsa ar leataobh nó go mbeidh sé in am é a dháileadh.

An Guacamole²⁴ a dhéanamh: Measc na habhacad²⁵, an sú líoma²⁶, na scailliúin²⁷ agus an sillí²⁸ le chéile i mbabhla eile. Úsáid gabhlóg²⁹ agus déan brúitín garbh³⁰ den ábhar. Cuir salann agus piobar dubh air mar bhlastanas.

An bia a riaradh: Leath beagán maonáise³¹ ar bhapa tóstáilte³². Leag duillí leitíse, slisne de thráta agus ansin an burgar féin anuas ar an mbapa. Cuir spúnóg den mhaonáis ar bharr an bhurgair agus scaip piobar dubh air. Dáil an salsa trátaí agus an guacamole ar an taobh. *Bia do cheathrar (4)*

Puimpcíní

Le Vicky West

Ainm Eolaíochta: *Cucurbita pepo*

Nuair a chuimhníonn daoine ar phuimpcíní is iondúil a chuimhníonn siad ar an toradh mór cruinn a mbíonn craiceann mín oráiste air. Ach tá tuairim is 26 speiceas éagsúil i bhfine na bpuimpcíní¹ agus bíonn an-éagsúlacht² sna torthaí a thugann siad³ idir dhath, chruth agus mhéid na dtorthaí.

Fásann bláthanna fireanna agus baineanna ar an bplanda puimpcíní⁴. Bíonn dath geal buí orthu agus déanann beacha meala⁵ agus feithidí eile iad a phailiniú⁶. Nuair a bhíonn na bláthanna baineanna pailnithe⁷ tosaíonn na torthaí ag fás. Puimpcíní a thugtar ar na torthaí agus bíonn idir 0.5 kg agus 1000 kg meáchain iontu. Is iad na puimpcíní ollmhóra⁸ na torthaí is mó i ríocht na bplandaí. An puimpcín ba mhó riamh, bhí meáchan 1045 kg ann.

Is as Meiriceá Thuaidh do na puimpcíní ó dhúchas⁹. Fástar ar bhonn tráchtála anois iad agus bíonn an-tóir orthu¹⁰. De ghnáth is i dtús mhí Iúil a chuirtear iad¹¹. Is barr dea-aimsire é an puimpcín agus fásann sé in ithir thais¹² faoi theocht 15°.

Puimpcíní a ithe

Itear puimpcíní agus síolta puimpcíní¹ ar fud an domhain.

Sna Stáit Aontaithe bíonn baint mhór ag an bpuimpcín le Féile an Alaithe². Is é an puimpcín an príomh-chomhábhar³ sa mhilseog thraidisiúnta⁴ a ullmhaítear don fhéile, pióg phuimpcíní⁵.

Bíonn go leor saille agus próitéine⁶ sna síolta agus is bia an-fholláin iad. Is féidir iad a úsáid agus tú ag cocaráil nó ag bácáil.

Is minic a chuirtear na síolta i mbia ainmhithe chomh maith chun an bia sin a shaibhriú⁷. Déantar sicíní agus ainmhithe eile a bheathú leo⁸ freisin.



Seán na Gealaí agus Oíche Shamhna

Seantraidisiún Gaelach¹ ba ea é laindéar² a dhéanamh as tornapa nó práta, nó as meacan biatais³ ag aimsir na Samhna⁴. Seán na Gealaí⁵ a thugtaí orthu sin in áiteanna.

Nuair a thosaigh daoine ag dul ar imirce⁶ go Meiriceá as Éirinn i bhfad siar⁷ thug siad an traidisiún sin leo. I Meiriceá, thosaigh daoine ag déanamh laindéar as puimpcíní⁸ agus is cuid lárnach de thraidisiún na Samhna⁹ i Meiriceá é sin anois.

Tá an traidisiún tar éis leathadh¹⁰ ar fud an domhain anois, ach nach deas an smaoineamh é go bhfuil sé bunaithe ar thraidisiún Gaelach!

Conas laindéar puimpcín a dhéanamh

1. Gearr an barr de phuimpcín. Is féidir é a úsáid mar chlaibín¹ ar ball.
2. Déan an bia² agus na síolta a scaobadh amach³ as an bpuimpcín.
3. Tarraing sceitse d'aghaidh scanrúil ar bhileog pháipéir.
4. Téipeáil an sceitse anuas ar an bpuimpcín.
5. Rianaigh⁴ imlíne na haghaidhe⁵ ar an bpuimpcín le briogún⁶ chun go bhfágfaidh sé a rian⁷ ar chraiceann an phuimpcín.
6. Bain an páipéar den phuimpcín. Gearr amach an aghaidh go cúramach le scian bheag dhéadach⁸. Ba cheart duit cabhair a lorg ó dhuine fhásta don ghnó sin.
7. Cuir coinneal bheag⁹ i bpróca¹⁰ agus cuir isteach sa phuimpcín é. Ná dearmad poll a fhágáil sa chlaibín chun an teas a ligean amach. Bheadh sé ní ba shábháilte solas beag ceallra¹¹ a úsáid seachas coinneal.



An Danóib

Léarscáil de na tíortha a sreabhann an Danóib tríothu.

Le Borbála Vízkelety

Is í an Danóib an dara habhainn is faide¹ san Eoraip. Tá sí 2860 km ar fad. Éiríonn sí² san Fhoraois Dhubh³ sa Ghearmáin, áit a dtagann roinnt aibhneacha beaga le chéile.

Agus í ar a bealach soir chuig Deilt⁴ na Danóibe ar chósta na Mara Duibhe gabhann an abhainn trí dheich dtír éagsúla. Is iad na tíortha atá i gceist ná an Ghearmáin, an Ostair, an tSlóvaic, an Ungáir, an Chróit, an tSeirbia, an Bhulgáir, an Mholdóiv, an Rómáin agus an Úcráin.

Abhainn thábhachtach is ea an Danóib. Tá sí ar cheann de na bealaí loinge⁵ is tábhachtaí san Eoraip. Bíonn na milliúin duine sna tíortha trína ngabhann sí ag brath uirthi le haghaidh uisce le hól⁶.



Fiadhúlra na Danóibe

Anuas ar na milliúin duine a bhíonn ag brath ar an abhainn, cothaíonn¹ an Danóib an iliomad éan, iasc agus mamach. Mar a tharlaíonn sé, is speicis faoi bhagairt² iad cuid mhaith de na speicis sin. Bíonn siad le fáil san abhainn féin agus sna fearainn³ timpeall uirthi.

Tá Deilt na Danóibe⁴ ar cheann de na deilteanna is mó agus is fearr caomhnú⁵ san Eoraip. Tá sí breac le locha agus le riasca⁶ ina maireann níos mó ná 300 speiceas éan, 45 speiceas d'éisc fionnuisce⁷ agus go leor plandaí uisce.

Ar na héin is tábhachtaí a fhaightear inti tá an broigheall⁸, peileacáin⁹ de cineálacha éagsúla, an t-iolar mara¹⁰, fabhcúin Saker¹¹, an eala bhalbh¹² agus an cruidín Eoráiseach¹³.

Tagann géanna agus éin imirceacha¹⁴ eile chun an geimhreadh a chaitheamh sa deilt nó chun scíth a ligean sula n-imíonn siad leo go dtí a gceann scríbe¹⁵.

Ar bhruacha na habhainn féin agus ar an talamh ard sa deilt agus sna ceantair máguaird, maireann an madra uisce¹⁶, an easóg¹⁷, an mhinc¹⁸, an sionnach, an mac tíre¹⁹ agus an béal dubh. Ina theannta sin faightear nathracha agus turtair²⁰ ann.

Is in abhantrach²¹ na Danóibe atá an stráice²² is faide de thalamh riascach²³ ar mhór-roinn na hEorpa²⁴. Bíonn flúirse duilleoga báite²⁵ agus plandaí eile ag fás ann.



Peileacáin ar Dheilt na Danóibe.

Lúb na Danóibe san Ungáir.

Bagairtí

Is abhainn fhíorthábhachtach í an Danóib ach tá an abhainn agus an fiadhúlra a bhíonn ag brath uirthi faoi bhagairt¹ ón ró-iascaireacht² agus ón truailliú uisce³.

Bíonn bagairt leanúnach ann ó speicis choimhthíocha ionracha⁴. Mar shampla, tá na séaclaí dúchasacha⁵ a fhaightear sa Danóib faoi bhagairt ón 'séacla marfach'⁶, speiceas ionrach a thagann isteach ó Mhuir Chaisp⁷. Scaipeann portán miotógach na Síne⁸, speiceas ionrach eile, galair a mharaíonn cráifisc dhúchasach⁹ na hEorpa san abhainn.

Tá na tíortha trína sreabhann an Danóib ag obair as lámh a chéile¹⁰ anois chun an abhainn féin a chosaint ón truailliú¹¹. Tá siad ag iarraidh na gnáthóga¹² agus an flóra agus fána¹³ a bhíonn ag brath ar an abhainn a chosaint agus a chaomhnú.

Tá roinnt tionscadal ar siúl anois chun ainmhithe agus speicis ar leith a chaomhnú. Mar shampla tá obair mhór ar siúl chun an t-iolar mara, an fheadóigín chladaigh¹⁴ agus an gabhlán gainimh¹⁵ a chosaint agus chun cur lena líon.

San abhainn féin táthar ag iarraidh an bradán fearna¹⁶, an béabhar¹⁷ agus an lochthurtar Eorpach¹⁸ a chosaint. Agus sna foraoiseacha ar bhruacha na habhainn táthar ag iarraidh an phoibleog dhubh¹⁹ a chosaint.



An Croidín

Ainm Eolaíochta: *Alcedo atthis*

Éan beag suaithinseach¹ is ea an croidín. Bíonn dath gléghorm² ar a chluimhreach uachtair agus dath cróchdhearg³ ar a chluimhreach íochtair. Bíonn na dathanna céanna ar an éan fireann agus ar an éan baineann agus is deacair iad a aithint óna chéile⁴. Ach tagann lí dhearg⁵ ar ghob an éin bhaininn i rith shéasúr an ghoir⁶, agus bíonn sé níos fusa í a aithint ansin.

Itheann an croidín éisc bheaga agus feithidí uisce⁷. Mar sin, maireann sé ar thalamh íseal gar do shruthanna agus d'aibhneacha a shreabhann go mall⁸. Faightear ar bhruacha canálacha⁹ agus lochanna é freisin.

Ní furasta radharc a fháil ar an gcroidín. Suíonn sé gan chorr¹⁰ faoi scáth ag fanacht go dtí rachaidh a chreach¹¹ thar bráid. Ansin bíogann sé¹² agus tumann sé isteach san uisce, nó téann sé ar foluain os cionn dhromchla an uisce¹³. Tá gob láidir aige a bhfuil cuma mhiodóige¹⁴ air. Úsáideann sé é chun breith ar ar a chreach.

Is alpaire ceart¹⁵ é an croidín, bíonn air thart ar 60% de mheáchan a choirp¹⁶ féin a ithe gach lá – is mór an méid é sin. Nuair a bheireann sé ar iasc is nós leis é a bhualadh ar ghéag chun é a mharú. Ansin, itheann sé an t-iasc i ndiaidh a chinn¹⁷ ionas nach n-osclaíonn na heití¹⁸ amach agus le cinntiú nach dtéann siad i bhfostú ina scornach¹⁹.

Déanann an croidín poll nó uachais²⁰ ar bhruach na habhann agus déanann a nead istigh ann. Bíonn idir 3 agus 6 ubh san ál²¹ de ghnáth. Déanann an t-éan fireann agus an t-éan baineann araon gor²² ar na huibheacha.

Téann sé an-dian ar an gcroidín teacht ar bhia i rith an gheimhridh má bhíonn sé an-fhuar agus má bhíonn an t-uisce reoite. Uaireanta faigheann siad bás den ocras, nó bailíonn siad leo go dtí áit eile nach mbíonn an t-uisce reoite ann.

Tá an iliomad cineál croidín ar fud an domhain ach is é an croidín Eoráiseach²³ an t-aon speiceas a fhaightear in Éirinn agus i bhformhór na hEorpa.

Fíricí maidir leis an gCroidín:


Dath: Bíonn dath gléghorm ar a cheann agus a sciatháin. Dath cróchdhearg a bhíonn ar a íochtar. Bíonn paiste bán ar dhá thaobh a mhuiníl agus faoina ghob fada. Dath dearg a bhíonn ar a chosa.

Fad: 17-19.5 cm

Bia: Éisc agus feithidí móra uisce

Gnáthóg: Ar chraobh os cionn abhann nó os cionn srutháin.

Dathaigh an croidín seo



Scéitsí le caoinhead Audrey Murphy/Stáisiún Mara Inis Earcáin

Éan beag dóighiúil²⁴ é an croidín. Ligeann sé gáir²⁵ ard ghéar uaidh.



íomhá le caoinhead Andreas Trepte, www.photo-natur.de



Grianghrafadóireacht Fiadhúlra ar an gCladach

An bhfuil spéis agat i ngrianghrafadóireacht fiadhúlra¹? Má tá, níl áit níos fearr² chun dul ina bun³ ná ar an gcladach, fiú más glantosaítheoir⁴ thú.

Bíonn neart ainmhithe le feiceáil ar an gcladach, go háirithe nuair a bhíonn an taoide amuigh. Níor mhiste fáil amach mar gheall ar an taoide roimh ré chun go mbeidh tú ábalta dul ann ag an am is oiriúnaí.

Nuair atá pictiúr á ghlacadh agat de phlanda nó d'ainmhí mara is é an rud is tábhachtaí ná eolas a bheith agat ar an ábhar. Dá mhéad eolas atá agat⁵ ar an ábhar is ea is dóichí⁶ go n-eireoidh leat grianghraf maith a ghlacadh de.

Mar shampla, nuair a fheiceann tú bundún coirnéach⁷ ar charraig os cionn an uisce cheapfá gur bloba glóthaí⁸ atá ann. Ach má thagann tú ar bhundún coirnéach agus é faoin uisce i lochán beag, b'fhéidir go bhfeicfeá na braiteoga⁹ ag luascadh san uisce agus an tsraith de choirníní gorma¹⁰ faoi na braiteoga. Bheadh an grianghraf i bhfad ní ba shuimiúla ach na braiteoga sin a bheith le feiceáil ann.

Seans go gcabhródh sé treoirleabhar nó leabhar eolais faoin gcladach a léamh. D'fhéadfá ceann a fháil ar iasacht ón leabharlann.

Aire a thabhairt do do cheamara.



Ó tháinig ceamaraí digiteacha¹ ar an saol tá sé i bhfad níos éasca grianghraf maith a ghlacadh.

Is fiú foghlaim conas do cheamara a úsáid i gceart. Faigh amach cé na socruithe difriúla² atá air agus na rudaí is féidir a dhéanamh leo.

Má thugann tú ceamara leat ar an gcladach bí an-chúrmach leis. Seans maith go loitfí³ do cheamara (nó do ghuthán cliste⁴) má éiríonn sé fliuch.

Dá mbeadh ceamara uiscédhíonach⁵ agat d'fhéadfá é a úsáid i locháin charraige nó agus tú ag snorcláil⁶.

Bí cúramach má bhíonn tú ag siúl thar charraigeacha ag iarraidh lochán uisce a aimsiú.

Sábháilteacht

Bí slán sábháilte agus bí ar an eolas i gcónaí maidir leis an taoide. D'fhéadfadh an taoide teacht aniar aduaidh ort¹ dá mbeadh sí ag líonadh go tapa.

Fan siar ó imeall an uisce nuair atá tú ag glacadh grianghraf. Coinnigh súil amach i gcónaí do thonnta nach mbeifeá ag súil leo.

Bí cúramach ar na carraigeacha. Is minic a bhíonn siad an-sleamhain²!



CÚPLA NOD Ó PAUL KAY MAIDIR LE GRIANGHRAIF A GHLACADH AR AN GCLADACH



Cuir eolas ar an ábhar

Má tá tú ag iarraidh grianghraf a ghlacadh d'ainmhí, is mór an chabhair é a bheith eolach ar nósanna an ainmhí¹ sin.

Gluaiseann ainmhithe áirithe go han-tapa, go háirithe nuair a scanraítear iad. Beidh ort gluaiseacht go mall ionas nach scanraíonn tú iad.

Ainmhithe áirithe, an bundún leice² mar shampla, bíonn cuma éagsúil orthu agus iad amuigh as an uisce.

Glac grianghraif de na hainmhithe agus iad i lochán, ar charraigeacha nó ar an ngaineamh ar imeall na taoide³.

Solas

Bíonn tionchar mór ag an solas ar ghrianghraif. Ar lá geal gréine seans go gcuirfeadh solas na gréine cuma an-bhán agus mílíteach¹ ar ghrianghraf. Ar lá gruama scamallach seans go mbeadh cuma an-dorcha ar an ngrianghraf.

Féach cén treo as a bhfuil an solas ag teacht. B'fhéidir go mbeadh ort úsáid a bhaint as splanc² má bhíonn sé an-dorcha, fiú i rith an lae.

Má tá tú ag iarraidh grianghraf a ghlacadh d'ainmhí i lochán carraige bíonn sé níos fusa é sin a dhéanamh ar lá scamallach. Frithchaitear solas na gréine³ ar ais de dhromchla an uisce⁴, rud a chuireann isteach ar an ngrianghraf.

An Ceamara a Úsáid

Coimeád an ceamara socair i do lámh. Má chroitheann tú an ceamara agus grianghraf á ghlacadh agat, cuirfidh tú an grianghraf as a riocht¹.

Bíodh pointe fócais² agat sa ghrianghraf. Bí ag cuimhneamh faoin íomhá atá tú ag iarraidh a ghabháil. Nuair atá tú ag féachaint tríd an gceamara déan iarracht íomhá tharraingteach a ghabháil sula mbrúfaidh tú an cnaipe.

Glac neart grianghraf ó uillinneacha éagsúla³ agus bain úsáid as na socruithe éagsúla⁴ ar an gceamara. Scrúdaigh na grianghraif ina dhiaidh sin agus féach cé na cinn is fearr? Rachaidh do chuid grianghraf i bhfeabhas in imeacht ama.

Paul Kay – Grianghrafadóir Fiadhúlra Mara

Is grianghrafadóir fiadhúlra mara é Paul Kay. Caitheann sé mórchuid a chuid ama ag glacadh grianghraf in uiscí fuara chósta na hÉireann agus na Breataine. Tá sé ina chónaí i dtuaisceart na Breataine Bige. www.marinewildlife.co.uk



Cad a thug ort suim a chur sa ghrianghrafadóireacht faoi uisce?

Rinne mé staidéar ar an ngrianghrafadóireacht agus mé ar an gcoláiste mar gur thaitin sí go mór liom. Ach ní raibh mé cinnte riamh cén cineál grianghraf a theastaigh uaim a ghlacadh. Chaith mé tamall ag obair go deonach i Stáisiún Mara Inis Arcáin agus thosaigh mé ag glacadh grianghraif d'ainmhithe mara ansin. Ina dhiaidh sin d'fhoghlaim mé conas tumadóireacht scúba¹ a dhéanamh agus tá mé ag glacadh grianghraif faoi uisce ó shin leith.

Cén fáth a dtaitníonn sé leat bheith ag glacadh grianghraif de bheathra na mara?

Bíonn an cine daonna ag brath ar an bhfarraige le haghaidh bia agus

ocsaigine. Dá réir sin, is fuinne é an fharraige a chosaint agus a thabhairt slán.

Ní bhíonn mórán daoine ábalta an tumadóireacht scúba a dhéanamh agus bíonn níos lú daoine fós ábalta grianghrafadóireacht faoi uisce a dhéanamh. Creidim go bhfuil dualgas orm mar ghrianghrafadóir mo chuid scileanna a úsáid chun an fhlúirse beathra² a mhaireann faoi dhromchla na farraige a chur ar shúile an phobail³. Sílim go spreagfaidh sé daoine chun timpeallacht na mara⁴ a chosaint nuair a fheicfidh siad áilleacht agus iomadúlacht⁵ an an dúlra a mhaireann faoi na tonnta⁶.

Cén fearas speisialta a theastaíonn don tumadóireacht?

Thart ar chósta na hÉireann bíonn an t-uisce an-fhuar. Dá bhrí sin is nós linn culaith thirim⁷ a chaitheamh seachas culaith fhliuch⁸. Tá séalaí uiscédhíonacha⁹ uirthi a théann timpeall ar chaol na láimhe¹⁰ agus ar an muineál. Caithim fo-chulaith aonphíosa¹¹, coimeádann sé sin ar fad te agus tirim mé. Tá meáchan trom de 40 - 50 kg san fhearas tumadóireachta¹². De bhreis air sin meánn an ceamara féin 5 - 10 kg. Ar ndóigh, nuair a bhíonn tú faoin uisce ar éigean a bhíonn meáchan ar bith san fhearas. Is mór an faoiseamh¹³ é sin! De ghnáth is in uisce sách éadomhain¹⁴ a



An Ballach Muire

bhímid ag tumadh – faoi bhun 30 m ar doimhneacht¹⁵ nó mar sin. Bíonn sorcóir d'aer comhbhrúite¹⁶ againn agus maireann sé ar feadh tuairim is uair an chloig.

Cén cineál ceamara a úsáideann tú agus tú faoi uisce?

Úsáidim an ceamara ceannann céanna¹⁷ faoin uisce agus ar thalamh tirim. Níl ann ach go gcuirim isteach i gcásáil láidir uiscédhíonach¹⁸ déanta as alúmanam¹⁹ é agus mé san uisce. Úsáidim splanc uiscédhíonach²⁰ chomh maith. Úsáidim macraílionsaí²¹ chun grianghraif ghar-amhairc a ghlacadh d'ainmhithe beaga. Agus úsáidim lionsaí leathanuilleacha²² le grianghraif de radharcra faoi uisce²³ a ghlacadh. Ní fiú lionsa fadhócais²⁴ a úsáid faoin uisce.



An Chrosóg Mhara

Conas mar a roghnaíonn tú an t-ábhar do ghrianghraf?

Ní bhíonn a fhios agam riamh cad go díreach a fheicfidh mé agus mé ag tumadóireacht. Seans go mbeadh cur amach agam ar an áit ina bhfuilim roimh ré. Sa chás sin bheadh tuairim agam cé acu scairbh charraigeach²⁵ nó gaineamh nó láib²⁶ a bheadh ar an ngrinneall²⁷. Ach tarlaíonn rudaí gan choinne i gcónaí agus tú ag tumadóireacht. Seans go bhfeicfinn iasc agus dathanna geala air nó bodalach²⁸ 30 cm ar fad, nó siorc féin. Bíonn radharcra iontach le feiceáil faoin uisce, go háirithe má tá aimsir chuí ann. Mar shampla, carraig spiacánach shuaithinseach²⁹ is ea Carraig Aonair³⁰ amach ó chósta thiar Chorcaí. Tá sí clúdaithe le brat ceilpe³¹ agus le bundúin leice na séad³². Faoi Oileáin Árann i gCuan na Gaillimhe tá tolláin³³ a theánn tríd an aolchloch³⁴. Osclaíonn tollán amháin acu isteach i bpoll snámha nádúrtha ar an gcósta theas – is iontach an rud é snámh isteach ann.

An bhfuil sé furasta grianghraif a ghlacadh faoi uisce?

Níl in aon chor. Bíonn gach rud ag athrú de shíor agus tú faoin uisce. Sin í an fhadhb is mó a bhíonn againn. Más lá griannmar atá ann agus má tá an fharraige ciúin agus an t-uisce glan b'fhéidir go bhféadfá rudaí suas le 30 m uait a fheiceáil go soiléir. Nuair a bhíonn sé mar sin bíonn an saol fo-thoinn³⁵ mar a bheadh ríocht na sí³⁶ ann. D'fhéadfá an lá ar fad a chaitheamh ag glacadh grianghraf. Ach má bhíonn an fharraige corrach is minic a bhíonn an t-uisce broghach agus dorchá agus ní féidir rud ar bith a fheiceáil. Is beag is féidir leis an ngrianghrafadóir a dhéanamh ar lá mar sin.

Ach ar lá deas glan, níl rud ar bith ab fhearr liom a dhéanamh ná bheith amuigh ag glacadh grianghraf faoin uisce!



Bundún Leice na Séad

SPEICIS IONRACHA!

An tIora Liath Meiriceánach

Cad as dó? Tuaisceart Mheiriceá. Tugadh sé phéire díobh isteach ó Shasana in 1911 agus scaoileadh saor iad i gcontae Longfoirt.

Cathain a tugadh isteach é? 1911

Gnáthóg: Coillearnach seanbhunaithe¹, ach faightear i bpáirceanna i gceantair uirbeacha² iad chomh maith.

Cén dochar a dhéanann sé? Téann sé in iomaíocht leis an iora rua dúchasach. Déanann sé dochar do choirt na gcrann agus faigheann na crainn bás.

An Ghlúineach Bhiorach

Cad as dó? An Áise.

Cathain a tugadh isteach é? Ní fios.

Gnáthóg: Bruacha aibhneacha agus uiscebhealaí¹, agus ar thalamh bán².

Cén dochar a dhéanann sé?

Níl aon phlanda dúchasach ábalta dul in iomaíocht leis. Fásann sé go rábach, tachtann sé plandaí eile agus scriosann sé tarmac agus coincreit.

An Diúilicín Riabhach

Cad as dó? Scaip sé ó Mhuir Chaisp isteach san Eoraip sa 17ú haois. Meastar gur tugadh isteach go hÉirinn ón Ríocht Aontaithe nó ón Ísiltír ar íochtar long.

Cathain a tugadh isteach é? 1997.

Gnáthóg: Gnáthóga muirí¹, aibhneacha i dtuaisceart agus in iarthar na hÉireann.

Cén dochar a dhéanann sé?

Itheann sé an bia céanna a itheann speicis dhúchasacha rud, a chuireann isteach ar chothromaíocht an éiceachórais². Blocálann agus tachtann sé píobáin uisce agus innill bhád.

Róslabhras

Cad as dó? An Áise.

Cathain a tugadh isteach é? Ní fios.

Gnáthóg: Gairdíní agus coillearnacha ar fud na tíre

Cén dochar a dhéanann sé

Fásann sé go dlúth agus tachtann sé¹ plandaí dúchasacha. Tá na duilleoga nimhiúil d'ainmhithe.

Speiceas Dúchasach agus Speiceas Neamhdhúchasach, cad é an difríocht?

Tuairim is 10,000 bliain ó shin a tháinig an oighearaois dheireanach¹ chun deiridh. Roimhe sin ní raibh Éire scartha ón gcuid eile den Eoraip, bhí droichead talún² ann a naisc an tír leis an gcuid eile den ilchríoch³. Dá bharr sin, bhí ainmhithe agus plandaí ábalta taisteal agus scaipeadh go hÉirinn ón Eoraip. Ach de réir mar a leáigh an t-oighear tosaigh leibhéil na farraige⁴ ag éirí. Ar deireadh bád an droichead talún⁵ agus fágadh Éire ina hoileán agus í scartha amach ón gcuid eile d'ilchríoch na hEorpa.

Tugtar **speicis dhúchasacha**⁶ ar na plandaí agus na hainmhithe a bhí in Éirinn ag an am sin nuair a bád an droichead talún go dtí ilchríoch na hEorpa.

In imeacht ama díothaíodh⁷ cuid de na speicis sin in Éirinn, fia mór na hÉireann⁸ agus an mac tíre, mar shampla. Ach, tá an-chuid speiceas dúchasach fós le fáil in Éirinn: an broc⁹, an ghráinneog¹⁰, an fia rua¹¹, an madra uisce¹², an crann darach¹³, an crann beithe¹⁴, an crann coill¹⁵, an leamhán¹⁶, an caisearbhan¹⁷, an fearbán¹⁸, an méaracán dearg¹⁹ agus an cloigin gorm²⁰ agus go leor eile nach iad.

Nuair a tháinig daoine go hÉirinn ar dtús thug siad leo ainmhithe agus plandaí ó áiteanna eile timpeall an domhain. Tá an-chuid de na speicis sin le fáil go forleathan timpeall na tíre anois, **speicis neamhdhúchasacha**²¹ a thugtar orthu. Ina measc siúd tá: an crann seacamair²², an fhearnóg²³, an fhiúise²⁴, an mhinc²⁵, an t-iora liath²⁶ agus an francach donn²⁷. Faightear an-chuid de na speicis neamhdhúchasacha sin anseo in Éirinn agus ní chuireann siad isteach ar na speicis dhúchasacha beag ná mór.

Ach ní i gcónaí a bhíonn sé amhlaidh!

Speicis Ionracha

Nuair a thosaigh daoine ag taisteal agus ag scaipeadh ar fud an domhain na mílte bliain ó shin, thosaigh siad ag tabhairt ainmhithe agus plandaí leo go dtí tíortha nua. Murach gur thug daoine¹ na speicis sin leo agus iad ag taisteal ní bheadh na plandaí agus na hainmhithe sin ábalta taisteal chomh fada sin astu féin.

Uaireanta nuair a thugtar speiceas nua isteach go dtí gnáthóg nua bíonn rath thar na bearta air². B'fhéidir go n-oirfeadh an aimsir agus an timpeallacht dó, nó b'fhéidir nach mbeadh aon ainmhithe nó plandaí eile ábalta dul in iomaíocht³ leis. Sa chás sin seans maith go tosóidh sé ag fás nó ag scaipeadh go rábach⁴ agus go n-imeoidh sé ó smacht ar fad.

Má tharlaíonn sé sin déanfaidh an speiceas nua dochar agus díobháil⁵ do speicis dhúchasacha agus do na gnáthóga a mbíonn na speicis dhúchasacha ag brath orthu. Uaireanta scriosann siad ar fad iad. **Speiceas ionrach**⁶ a thugtar ar speiceas dá leithéid sin.

Tá sé fiorthábhachtach a fháil amach cé na speicis ionracha atá sa tír faoi láthair agus cén dochar atá á dhéanamh acu. Nuair atá an méid sin ar eolas is féidir plean a cheapadh⁷ chun an dochar sin a mhaolú.

Carachtar Simplí Cartúin a Tharraingt

Is bean feasa¹ í Sadhbh thall, ach níl sí ach ag foghlaim a ceirde² go fóill. Ní oibríonn a cuid draíochta i gceart ach amháin nuair a tharraingíonn duine pictiúr den rud atá ar intinn aici a dhéanamh. Fiú nuair a dhéantar é sin is minic nach mbíonn an toradh ceart ar a cuid draíochta! Nuair a chan Sadhbh ortha³ chun iasc a thabhairt ar an saol ní raibh aon súil aici gur siorc a gheobhadh sí!


Ar an dea-uair⁴, is ealaíontóir maith é a cara Eoin Ó Foghlú, an foghlai mara. B'fhéidir go mbeidh sé ábalta cúpla cleas a mhúineadh duit féin chomh maith. Féach ort féin sa scáthán. Cad a tharlaíonn do do bhéal, do shúile agus do mhalaí⁵ nuair a chuireann tú dreacha éagsúla⁶ ort féin – an t-áthas, an brón, an fhearg agus an t-iontas?

Má tá tú ábalta na haghaidheanna thíos a tharraingt, beidh tú ábalta carachtar cartúin⁷ a dhéanamh as RUD AR BITH! Bain triail as. Cóipeáil na ceithre iasc atá tarraingthe ag Eoin do Shadhbh – ach seans gurbh fhearr an draíocht a sheachaint!




Áthas

Téann na malaí agus cúinní an bhéil suas agus osclaíonn na súile go leathan.




Brón

Casann cúinní an bhéil, caipíní na súl⁸ agus na malaí síos.



Fearg

Bíonn an béal ar oscailt agus cuma fhíochmhar⁹ air! Bíonn na fiacla nochta¹⁰. Agus bíonn na malaí ar fiar¹¹ agus claonta síos¹² i dtreo na sróine.



Iontas

Bíonn an béal agus na súile ar leathadh ar fad¹³. Bíonn an teanga le feiceáil – agus na malaí ardaithe.




Cabhraigh le hEoin iasc a tharraingt dá chara Sadhbh



1. Tarraing meangadh mór cuar¹. Ansin tarraing leicne plucacha² agus súil breá mór.

2. Tarraing an liopa íochtair agus corp beag ramhar.



3. Tarraing an t-eireaball, an eite droma³ ar bharr an choirp agus na heití brollaigh⁴ ar bhun an choirp. Cuir isteach bolgán deas mór ag teacht amach as béal an éisc!

4. Dathaigh do chartún ansin agus beidh iasc deas cairdiúil agat.





Mórthimpeall an Domhain faoi Chumhacht na Gréine

In 2015, chuir beirt phíolótaí¹, Bertrand Piccard agus André Borschberg, dúshlán² mór rompu. D'imigh siad leo ar an gceád eiltit timpeall an domhain gan ach cumhacht na gréine a úsáid. Theastaigh ó na píolótaí ceannródaíocha³ a thaispeáint don domhan mór an méid gur féidir rudaí iontacha a dhéanamh ach an teicneolaíocht agus foinsí malartacha fuinnimh⁴ a fhorbairt agus a úsáid.

Is é *Solar Impulse 2* ainm an eitleáin a bhí acu. Níl ach suíochán amháin i gcró an eitleáin⁵, mar sin, bhí ar an mbeirt phíolótaí é a eitilt ar a seal⁶. Úsáideann an t-eitleán grianchadhnraí⁷ chun fuinneamh a sholáthar do na hinnill. Ní úsáideann na hinnill breosla⁸ ar bith agus ní ghineann siad⁹ astaíochtaí truaillithe¹⁰ ar bith ach oiread.

Thosaigh na píolótaí an turas i mí an Mhárta 2015 in Abu Dhabi, príomhchathair Aontas na nÉimíróchtaí Arabacha¹¹. Thuirling an t-eitleán in Óman, i Maenmar agus sa TShín le linn an turais.

B'éigean don eitleán tuirlingt gan choinne sa tSeapáin nuair a rinne gaoth láidir damáiste do cheann de na sciatháin¹². Ghlac sé 118 uair an chloig ar an eitleán eitilt trasna an Aigéin Chiúin¹³ ón tSeapáin go dtí Oileáin Havái. Nuair a thuirling an t-eitleán gar do Honolulu bhí sé tar éis curiarracht eitilte¹⁴ nua a dhéanamh – an eitilt aonair is faide gan stad¹⁵ faoi chumhacht leictreach¹⁶.

Is de shnáithín carbóin¹⁷ atá an t-eitleán déanta agus tá réise sciathán¹⁸ 72 m aige. Tá meáchan de 2,300 kg ann, sin an meáchan a bheadh i gcarr de ghnáth. Tá 17,000 grianchill¹⁹ ar sciatháin an eitleáin agus is iad sin a sholáthraíonn fuinneamh in-athnuaite²⁰ do na ceithre (4) mhótar leictreacha atá ar an eitleán. Athluchtaíonn²¹ na grianchealla na cadhnraí i rith an lae agus ansin bíonn an t-eitleán ábalta eitilt i rith na hoíche. Faraor²², b'éigean an dara leath den eachtra a chur siar go dtí Aibreán 2016. Is amhlaidh a rinneadh róthéamh²³ ar na cadhnraí agus b'éigean cinn nua a fháil.

Nuair a fuarthas na cadhnraí nua d'imigh *Solar Impulse 2* leis chun a thuras eipiciúil a chríochnú. Ar deireadh thuirling an t-eitleán in Abu Dhabi ar 26 Iúil 2016 tar éis dó eitilt timpeall an domhain ar fad. Bhí an bheirt phíolótaí tar éis éacht iontach a dhéanamh.



Solar Impulse 2

Mol Ainm ar Stoirm!

Is minic a bhuaileann stoirmeacha an tír i rith an fhómhair agus an gheimhridh. Uaireanta bíonn na stoirmeacha sin dainséarach agus bíonn ar Met Éireann rabhadh aimsire a eisiúint¹ ansin.

